# ARDÁN FÉACHANA SHLIABH LIAG
# COMHAIRLIÚCHÁN POIBLÍ NEAMHREACHTÚIL

**Tá Sliabh Liag ar cheann de na haillte is airde san Eoraip, suite 601 méadar os cionn an Aigéin Atlantaigh. Bíonn tarraingt mhór ag turasóirí a thugann cuairt ar Dhún na nGall air agus is é Sliabh Liag an taitneamhacht is mó sa chontae a mheallann turasóirí. Tá Sliabh Liag liostaithe fosta mar cheann de na Pointí Sár-Radhairc ar Shlí an Atlantaigh Fhiáin.**

**Níl an t-ardán féachana atá ann ag an bhomaite, atá suite feadh Shiúlán Radharc Shliabh Liag, ar an chaighdeán a mbíonn cuairteoirí ag súil leis. Níl san ardán féachana ach struchtúr beag adhmaid, a mbíonn gá cothabháil a dhéanamh air ar bhonn seasta lena chinntiú gur féidir é a úsáid. Tá sé mar aidhm ag Comhairle Contae Dhún na nGall, i gcomhar le Comhlacht Shliabh Liag, feabhas a chur ar eispéireas na gcuairteoirí ag Sliabh Liag.**

**Bheadh ardán féachana dea-dheartha ina bhuntáiste do Shliabh Liag, trína mbainfí eispéireas níos sábháilte agus níos compordaí amach do gach úsáideoir agus a chuirfeadh ar a gcumas sult a bhaint as áilleacht nádúrtha an cheantair. Beidh gá breithniú a dhéanamh ar an ábhar a úsáidfear agus ar chruth an ardáin chun an tionchar ar an timpeallacht leochaileach a íoslaghdú agus chun bainistíocht éifeachtach an cheantair a chinntiú. Tá maoiniú faighte ó Fháilte Éireann don scéim seo faoi Chlár Rialtais an Oileáin Chomhroinnte. Ón ardán, beidh cuairteoirí ábalta amharc ar na baill shuntais atá timpeall orthu agus aghaidh iomlán na haille a fheiceáil, atá ar cheann de na radharcanna is áille i nDún na nGall.**



**Mar chuid d'fhorbairt na scéime, tá Comhairliúchán Poiblí Neamhreachtúil á dhéanamh anois le deis a thabhairt don phobal athbhreithniú a dhéanamh ar an scéim atá beartaithe agus barúlacha ar bith atá acu a roinnt.**

**Chomh maith leis sin, beidh imeacht Comhairliúcháin Phoiblí Neamhreachtúil ar siúl in:**
**Ionad Cuairteoirí & Eispéireas Aille Shliabh Liag, F94 W8KC**
**Dé Céadaoin 19 Márta 2025 ag 17.30-19.30**
**áit a dtugtar cuireadh don phobal bualadh leis an fhoireann tionscadail agus an scéim atá beartaithe a phlé.**

**Le do bharúil a roinnt, tabhair cuairt ar Thairseach Comhairliúcháin ar líne Chomhairle Contae Dhún na nGall nó déan scanadh ar an chód QR. Is é an 2 Aibreán 2025 an dáta deiridh a nglacfar le haiseolas faoin scéim atá beartaithe.**

**Chun tuilleadh eolais a fháil faoin scéim**
**DÉAN SCANADH ORM!**

Shared Island Initiative
Comhairle Contae Dhún na nGall Donegal County Council
Fáilte Ireland
WILD ATLANTIC WAY SLÍ AN ATLANTAIGH FHIÁIN
AECOM